Bord na Móna

bnmrecycling.ie

# SCHOOLS

## Pacáiste Eolais do Scoileanna




Bord na Móna

bnmrecycling.ie

Rethinking waste collection and recycling

Bord na Móna
bnmrecycling.ie

# Dia dhuit, a mhúinteoir!

Anseo ag Athchúrsáil Bhord na Mónanílimid sásta le bainistiú dramhaíola amháin a dhéanamh; táimid meáite ar athmhachnamh á dhéanamh ar na réitigh ar dhramhaíl a bheidh de dhíth chun gníomhú ar son na haeráide ar mhaithe le saol níos neamhthruaillithe a chothú do chách amach anseo.

Tá an chéad bheart eile á dhéanamh againn faoi láthair mar chabhair do mhuintir na hÉireann éirí níos meabhraí ar dhramhaíl trí oiliúint a chur an aos óg i gcúrsaí athchúrsála le go ndéanfaidís a gcion chun an dúlra a chaomhnú ar fud na cruinne amach anseo.

Níl aon duine dínn nár cuireadh iallach air nó uirthi athmhachnamh a dhéanamh ar a d(h)earcadh ar dhramhaíl agus, le cabhair ó do scoilse, is féidir linn leanúint orainn i mbun an méid dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú, gan trácht ar acmhainní a aisghabháil agus cuidiú leis an iarracht saol níos inbhuanaithe amach anseo.

Agus é lán go béal le cluichí spraíúla, fíricí a bhfuil lón machnaimh iontu, agus noda fóinteacha, féachann an pacáiste idirghníomhach seo le cur ar a súile don chéad ghlúin eile conas is féidir leo feabhas mór a chur ar chúrsaí. An bhfuil aon rud sa saol níos tábhachtaí ná sin?



# Tráth na gCeist!

Bord na Móna
bnmrecycling.ie

Bain triail as ár dtráth na gceist oideachasúil agus beidh spraoi agat ag an am céanna.

## Babhta a hAon

**1. Cad é an rud is fearr a d’fhéadfá a dhéanamh le sean-nuachtáin?**

A. Iad a chaitheamh san araid bhruscair tar éis iad a léamh

B. Déan rud éigin spraíúil leo, amhail báid pháipéir a dhéanamh astu, nó caith sa bhruscar iad le go ndéanfaí athchúrsáil páipéir orthu

C. Ná déan dada, tá an nuachtán millteanach leadránach.

**2. Cé acu ceann de 3 tháirge seo atá in-bhithmhillte?**

A. Canna Alúmanaim

B. Mála Plaisteach

C. Úll

**3. Cad é an chéad bheart a dhéantar chun dramhaíl a athchúrsáil?**

A. Sórtáil an dramhaíl ag an nGléasra Athchúrsála

B. Sórtáil an dramhaíl sa bhaile

C. Caith an dramhaíl go léir isteach i ngairdín do chomharsan

**4. Cad é an rud is fearr le déanamh le dramhaíl?**

A. Tóg é chuig ionaid athchúrsála, áit a gcuirtear rudaí éagsúla (plaisteach, páipéar, gloine) isteach i gcoimeádáin éagsúla & seoltar chuig áit eile ansin iad le rudaí nua a dhéanamh astu

B. Faigh réidh leis chomh tapa in Éirinn agus is féidir nó beidh drochbholadh uaidh mura gcaitheann tú amach é

C. Caith le haill é i bhfad ar shiúl ón mbaile mór

**5. Nuair a chlaochlaítear earra amháin le hearra eile a dhéanamh as, is é an téarma a thugtar air sin:**

A. Athchúrsáil

B. Laghdú

C. Athúsáid

## Babhta a Dó

**1. Cé acu ceann de na nithe seo a leanas is deacra le hathchúrsáil a dhéanamh air?**

A. Bosca cairtchláir

B. Coimeádán plaisteach

C. Coimeádán atá déanta as plaisteach agus alúmanam

**2. Cén tionchar atá ag iarmhairt ceaptha teasa?**

A. Éiríonn plandaí níos glaise mar gheall uirthi

B. Cuireann sí fonn ar dhaoine tithe gloine a thógáil

C. Eascraíonn dálaí adhaimsire aisti, amhail stoirmeacha & aimsir bhrothallach

**3. Conas is féidir leat níos lú uisce a úsáid?**

A. Níl aon easpa uisce ann san áit ina bhfuilim i mo chónaí, tá lánchead agam mo sháith d’uisce a úsáid mar sin

B. cithfholcadh a thógáil seachas folcadh a bheith agam

C. Ciúbanna oighir a thógáil amach ón gcuisneoir & agus lig dóibh leá

**4. Cad is féidir leat a dhéanamh le do sheanéadaí?**

A. Tóg iad chuig ionad athchúrsála nó siopa carthanachta le gur féidir le daoine atá ina ngátar iad a úsáid

B. Caith san araid bhruscair iad

C. Tóg ar ais chuig an siopa inar cheannaigh tú iad & agus iarr ar an bhfoireann díolacháin fáil réidh leo ar do shon

**5. Cad ba cheart duit a dhéanamh le seanchadhnraí?**

A. Níl le déanamh ach iad a chaitheamh san araid bhruscair

B. Caith isteach i gcoimeádán iad atá le haghaidh seanchadhnraí amháin

C. Caith i dtraipisí iad aon áit lasmuigh, in áit nach bhfeicfidh aon duine iad

## Babhta a Trí

**1. Is féidir leas a bhaint as cannaí athchúrsáilte chun earraí as cad é a dhéanamh?**

A. Páipéir

B. Plaisteach

C. Miotal

**2. Cén araid inar cheart mála tae a chur?**

A. An araid le haghaidh bruscar ginearálta

B. An araid le haghaidh ábhair orgánacha

C. An araid athchúrsála

**3. Cár cheart duit guma coganta a chur nuair atá tú críochnaithe leis?**

A. An araid le haghaidh bruscar ginearálta

C. An araid athchúrsála

B. An araid le haghaidh ábhair orgánacha

**4. Má tá cóisir agat, cad iad na bealaí inar féidir bruscar a laghdú?**

A. Úsáid plátaí, cupáin, agus sceanra aon uaire

B. Riar béilí beaga i gcoimeádáin in-athúsáidte + agus úsáid naipcíní éadaigh

C. Cuir gach rud sa bhosca bruscair tar éis na cóisire

**5. Cé acu díobh seo nár cheart a chur san araid athchúrsála?**

A. Boscaí cairtchláir

B. Boscaí alúmanaim folmha

C. Seanchadhnraí



# Iniúchadh ar Bhruscar na Scoile

**Bord na Móna**
**bnmrecycling.ie**

Gníomhaíocht don rang! Faigh amach an méid bruscair a dhéantar i do scoilse agus a chaitear i dtraipisí é. Más mian leat an méid a chuireann sruth dramhaíola do scoilse isteach ar an timpeallacht a laghdú, bealach amháin is ea réimsí a aithint inar féidir dramhaíl a laghdú, a athúsáid nó a athchúrsáil.

**Ainm na Scoile** ............................................  **Dáta** ..............................................................................

**8Na Daoine a ghlac páirt san iniúchadh** ...............................................................................................

**An áit ónar tháinig an bruscar:** Seomra ranga ☐  Seomra foirne ☐

| Rudaí in-athchúrsáilte | Meáchan | Toirt | % Meáchan (den mhéid iomlán) | % Toirt (den mhéid iomlán) |
|---|---|---|---|---|
| Leabhair, Páipéir Mheasctha, Nuachtáin, Irisleabhair, Cairtchlár | | | | |
| Cannaí Bia Nite (Alúmanaim & Stáin) | | | | |
| Cartáin Tetra-Pak Bhainne & Sú a Caitheadh Amach | | | | |
| Buidéil Phlaisteacha (Uisce Mianraí/Bainne, Sú) a Caitheadh Amach | | | | |

| Ábhair orgánacha | Meáchan | Toirt | % Meáchan (den mhéid iomlán) | % Toirt (den mhéid iomlán) |
|---|---|---|---|---|
| Dramhbhia, Málaí Tae, Torthaí & Glasraí | | | | |
| Páipéir (Naipcíní, Tuáillí Páipéir Truaillithe) | | | | |
| Cairtchlár nó Páipéar a Bhfuil Salachar Bia Air (Bac Ar Pháipéar Brataithe) | | | | |

| Bruscar Ginearálta | Meáchan | Toirt | % Meáchan (den mhéid iomlán) | % Toirt (den mhéid iomlán) |
|---|---|---|---|---|
| Plaisteach (Málaí, Cumhdaigh, Coinlíní Óil, srl.), Scragall Alúmanaim, Málaí Criospaí, Páipéir Mhilseáin | | | | |
| Liosta de nithe Éagsúla eile | | | | |

| Líon Iomlán | | | | |
|---|---|---|---|---|


**Ná déan dearmad lámhainní a chaitheamh. Le gur féidir dul tríd/é a mheá go saoráideach, caith a bhfuil sna málaí dramhaíola amach ar chlúdach plaisteach agus déan an bruscar a shórtáil i mbuicéid éagsúla. Tar éis gach rud a shórtáil, pé rudaí is féidir a athchúrsáil, déan iad a athchúrsáil!**



# Cairt Lobhaidh

Bord na Móna
bnmrecycling.ie

CuirTráth na gceist gasta. Cuirigí bhur lámha suas aon duine atá in ann buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cén fhad a thógann sé sula lobhann na hearraí seo a leanas?



**Ticéad bus**
2-4 Seachtaine

**Ceirt Chadáis**
1-6 Mhí

**Téad**
3-14 Mhí


**Stoca Olla**
1 Bhliain amháin

**Cuaille Adhmaid Péinteáilte**
13 Bliana

**Canna Alúmanaim**
200-500 Bliain

**Clúdach sé-phaca phlaistigh**
450 Bliain

**Buidéal Gloine**
Neamhchinntithe





# Am le Cluiche a Imirt!

Bord na Móna
bnmrecycling.ie



Déan ár gcluichí oideachasúla don seomra ranga a phriontáil amach le gur féidir iad a imirt.

## Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B | O | D | U | C | N | Í | R | I | U | M | O |
| A | O | L | L | E | C | T | Í | O | N | S | R |
| I | O | R | O | M | P | O | S | T | E | N | G |
| L | T | Í | D | C | W | I | N | G | Y | I | Á |
| I | A | N | O | N | A | N | D | R | O | B | N |
| Ú | O | R | G | Á | A | I | C | H | V | Ú | A |
| O | S | S | O | R | R | M | C | E | F | D | C |
| G | L | O | I | N | E | U | Ó | N | Y | H | H |
| G | O | W | W | O | T | U | D | N | R | G | N |
| Y | D | D | I | Á | S | Ú | H | T | A | A | A |
| K | N | A | R | A | Í | D | Í | K | S | L | L |
| D | R | O | I | C | H | E | A | D | N | U | A |

BAILIÚ
DROICHEAD NUA
BORD NA MÓNA
ATHÚSÁID
GLOINE
MUIRÍN
LAGHDÚ
ARAIDÍ
ORGÁNACH

## Dúshlán le Dísle

| | an 1 uair duit tuirlingt ar an uimhir seo | an 2ú huair duit tuirlingt ar an uimhir seo | an 3ú huair duit tuirlingt ar an uimhir seo |
|---|---|---|---|
|  | Ainmnigh 3 chineál araide | Luaigh rud éigin is féidir a dhéanamh as seanbhoscaí cairtchláir? | Cén cineál araide ina gcuirfeá píosa páipéir? |
|  | Breac síos 2 rud ón gcistin is ceadmhach a chur san araid mhúirín? | Liostaigh 2 rud is ceadmhach a chur san araid le haghaidh gloine? | Luaigh gach rud i do mhála scoile is ceadmhach a chur san araid athchúrsála |
|  | Scríobh síos 3 fhocal a d'aimsigh tú sa chuardach focal | An ceadmhach málaí bruscair dubha a chur san araid mhúirín? | Luaigh 2 rud a bhíonn le fáil lasmuigh is ceadmhach a chur san araid mhúirín |
|  | Liostaigh 4 rud mórthimpeall ort anois is ceadmhach a chur san araid bhruscair | Liostaigh 4 rud is ceadmhach a chur san araid athchúrsála | Cén araid inar cheart craicne banana a chur? |
|  | Liostaigh 5 rud is ceadmhach a chur san araid mhúirín | Tarraing araid a bhfuil cruth an duine uirthi | Liostaigh 10 gcineál bruscair agus luaigh cén araid inar cheart gach cineál bruscair a chur |
|  | In éineacht leis an duine in aice leat, liostaigh 10 rud is féidir a athchúrsáil | An ceadmhach bolgáin solais a chur isteach san araid le haghaidh gloine? | Tarraing araid athchúrsála agus 3 chineál dramhaíola athchúrsála istigh inti |

CAITH DÍSLE 10 N-UAIRE LE TEACHT AR AN DÚSHLÁN ATÁ LE DÉANAMH AG DALTA DE DO CHUID

# Noda don Seomra Ranga

Bord na Móna
bnmrecycling.ie

Seo roinnt noda agus cleasa fóinteacha uainne is féidir a dhéanamh chun do chion a dhéanamh ar scoil



Cuir leabharlann ranga ar bun le gur féidir le daltaí a gcuid seanleabhar a thabhairt isteach ann le go mbeadh deis ag daoine iad a fháil ar iasacht seachas cóip dá gcuid féin a cheannach.



Scríobh ar dhá thaobh píosa páipéir le níos mó tairbhe a bhaint as. Más leor taobh amháin le scríobh air an uair seo, cuir an páipéar sin i leataobh sa bhosca "athúsáide" don chéad uair eile.




Úsáid buidéal in-athúsáidte agus bosca lóin seachas páipéar céarach, mála ceapaire nó scragall alúmanaim. Ní dhéantar an oiread dramhaíola ar an gcaoi sin agus fanann do lón úr!



Cuir tús le club athchúrsála! Seo bealach iontach le hiomaíocht fholláin a spreagadh idir daltaí agus le cur ina luí orthu a bheith níos meabhraí ar chúrsaí athchúrsála.



Le go mbeidís páirteach ann, iarr ar dhaltaí póstaeir a chruthú mar aon le lipéid gheala le cur ar na haraidí éagsúla sa seomra ranga.



Cuir na claibíní ar ais ar phinn agus ar mharcóirí le fad a chur lena saolré. Spreag daltaí chun éirí as an nós greamáin, téip mhaisiúil agus earraí inchaite a úsáid.

Bord na Móna
bnmrecycling.ie

SCHOOLS

# Comórtas Uaschúrsála!

Buaigh
**€5,000**
do do scoil

## Mar aon le turas scoile saor in aisce go

Bord na Móna LoughBoora DISCOVERY PARK &

Bord na Móna Mountlucas Wind Farm

A lucht scoile ar fud na tíre! Tugann Athchúrsáil Bhord na Móna cuireadh do scoileanna cur isteach ar an 'Comórtas Uaschúrsála do Scoileanna', dúshlán oideachasúil ar dearadh é chun ardán a thabhairt do dhaltaí éirí eolach faoi uaschúrsáil mar chleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht fad is a chothaítear cruthaitheacht agus smaointeoireacht nuálaíoch iontu le linn dóibh páirt a ghlacadh ann. Spreagtar scoileanna chun a gcumas a léiriú maidir le hathearraíocht a bhaint as ábhair a caitheadh i dtraipisí ach saothair nuálaíocha fheidhmiúla a dhéanamh astu.

Tógfar an rang a bhuafaidh an comórtas ar thuras treoraithe timpeall Páirc Thaiscealaíochta Loch na Buaraí agus ligfear isteach sa pháirc dealbhóireachta iad. Déanfar staidéar allamuigh leo chomh maith ina rachaidh siad ar shiúlóid dúlra d'fhonn féachaint go grinn ar phlandaí agus ar fhiadhúlra na háite. Rachfar ar thuras timpeall Fheirm Ghaoithe Dhroim Cáithe ina dhiaidh seo agus, le linn an turais chéanna, rachaidh na daltaí isteach i mol foghlama idirghníomhach, féachfaidh siad ar thuirbín i Réaltacht Fhíorúil agus tabharfar deis dóibh dul an-ghar do thuirbín san fhíorshaol! Lena chois sin, bronnfar duais de €5,000 ar an scoil bhuaiteach.





**Incháilitheacht:**

- Tá an comórtas seo oscailte do dhaltaí i mbunscoileanna ar fud Phoblacht na hÉireann.
- Is féidir iontráil a chur isteach mar dhuine aonair, mar fhoireann, nó mar rang.
- Caithfidh rannpháirtithe úsáid a bhaint as ábhair a mbíonn meas dramhaíola nó earraí caite i dtraipisí orthu de ghnáth.
- I measc na gcatagóirí a mholtar tá; Maisiúcháin Bhaile, Faisean agus Giuirléidí, Uirlisí Feidhmiúla nó Gairis agus Saothair Ealaíne.

## Le Cur Isteach ar an gComórtas

DDéan d'fhoirm iontrála a híoslódáil ó www.bnmrecycling.ie/schools

Seol d'fhoirm chomhlánaithe mar aon le grianghraif de d'iontráil chuig marketing@bnm.ie

Dáta deiridh - 01/05/24